**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**A10-0012/2024**

22.10.2024

*

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL
(COM(2024)0278 – C10-0083/2024 – 2024/0152(CNS))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Aurore Lalucq

(Nós imeachta simplithe – Riail 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ........................................8

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ........................................9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL (COM(2024)0278 – C10-0083/2024 – 2024/0152(CNS))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach – comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2024)0278),

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle leis an bParlaimint (C10-0083/2024),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0012/2024),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint an athuair má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag an bParlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is ar an leasú ar Threoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL atá an togra dírithe. Tá sé d'aidhm aige deimhniú díolúine leictreonach lena ndeimhnítear go bhfuil idirbheart incháilithe le haghaidh díolúine shonrach faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1) den Treoir sin a chur in ionad an leagain páipéir den deimhniú díolúine ó CBL agus / nó ó dhleacht mháil.

Siod iad na hidirbhearta a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1):

i. soláthar earraí nó seirbhísí faoi shocruithe taidhleoireachta agus consalachta;

ii. soláthar earraí nó seirbhísí do chomhlachtaí idirnáisiúnta a dtugann údaráis phoiblí an Bhallstáit óstaigh aitheantas dóibh mar chomhlachtaí den sórt sin, agus do chomhaltaí de na comhlachtaí sin, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar síos leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbunaítear na comhlachtaí nó le comhaontuithe ceanncheathrún;

iii. soláthar earraí nó seirbhísí laistigh de Bhallstát ar páirtí é i gConradh an Atlantaigh Thuaidh, a bhfuil sé beartaithe iad a bheith á n-úsáid ag fórsaí armtha Stát eile ar páirtithe iad sa Chonradh sin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó a bheith á soláthar dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt sa chomhiarracht chosanta;

iv. soláthar earraí nó seirbhísí do Bhallstát eile, a bhfuil sé beartaithe iad a bheith á n-úsáid ag fórsaí armtha aon Stáit ar páirtí é sa Chonradh sin, seachas an Ballstát cinn scríbe féin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó a bheith á soláthar dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt sa chomhiarracht chosanta;

v. soláthar earraí nó seirbhísí d'fhórsaí armtha sin na Ríochta Aontaithe atá lonnaithe ar oileán na Cipire de bhun an Chonartha maidir le bunú Phoblacht na Cipire, dar dáta an 16 Lúnasa 1960, atá lena n-úsáid ag na fórsaí sin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó lena n-úsáid mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní.

De réir an Choimisiúin, mar gheall ar a fhíortheicniúla atá an tionscnamh seo agus toisc é a bheith ag luí leis na hiarrachtaí atáthar a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar idirghníomhaíochtaí digiteacha rialtais a chur chun cinn, níl údar maith ann le dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ná le measúnú tionchair a dhéanamh. Dá ndéanfaí de réir an mholta atáthar a dhéanamh, eadhon go ndéanfaí próiseas leictreonach den phróiseas um dhíolúine ó CBL, bheifí ag dul in oiriúint don ré dhigiteach agus neartófaí cearta na saoránach a mhéid a bhaineann lena gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil.

Cuirfidh an togra deireadh leis an ualach riaracháin a bhaineann leis an leagan páipéir den deimhniú díolúine leictreonach ó CBL a phróiseáil, agus fágfaidh sé nach mbeidh costais riaracháin le seasamh lena phróiseáil ach chomh beag. Is trí chlár FISCALIS, laistigh den imchlúdach airgeadais dá bhforáiltear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, a sheasfar na costais cur chun feidhme. Meastar go mbeidh na costais a bheidh le seasamh ag na Ballstáit, a bhainfidh go príomha le rochtain a thabhairt ar an bhfeidhmchlár lárnach, ina gcostais ísle.

Ní dhéanfaidh an deimhniú leictreonach nua difear do raon feidhme na ndíolúintí CBL arna gcur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ar bith ar bhuiséad an Aontais toisc nach ndéanfar difear do na hacmhainní dílse atá bunaithe ar an ollioncam náisiúnta (OIN).

Leis an togra, neartófar na bearta frith-mhí-úsáide trína leagan síos gurb amhlaidh, mura gcomhlíonfar na coinníollacha díolúine a leagtar síos i mír 1, nó má scoireann siad d'fheidhm a bheith acu, a bheidh an comhlacht incháilithe nó an duine aonair ag a mbeidh an deimhniú eisithe nó sínithe freagrach as CBL a íoc leis an mBallstát ábhartha. I gcásanna eisceachtúla den sórt sin, moltar do na Ballstáit íocaíocht na cánach breisluacha a cheadú gan clárú iomlán na cánach breisluacha a éileamh.

Aithníonn an Rapóirtéir gur tionscnamh fíortheicniúil é an tionscnamh seo, gur tionscnamh neamhchonspóideach é, agus gur gá idirghníomhaíochtaí digiteacha rialtais a fheabhsú, agus, dá bhrí sin, tacaíonn sí go hiomlán le cuspóirí na Treorach.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL |
| **Tagairtí** | COM(2024)0278 – C10-0083/2024 – 2024/0152(CNS) |
| **An dáta a ndearnadh comhairliúchán leis an bParlaimint** | 15.7.2024 |
| **Coistí freagracha** | ECON |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Aurore Lalucq<br>12.9.2024 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 14.10.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 14.10.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 14.10.2024 |
| **Dáta don chur síos** | 22.10.2024 |